Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Iúil 2023
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0183(NLE)

10844/23

LIMITE

POLCOM 130
WTO 88
AGRI 343
UD 140
UK 134

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Daon-Phoblacht na Síne de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (GATT) a bhaineann le modhnú na lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach |

**CINNEADH (AE) 2023/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais,
an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha
idir an tAontas Eorpach agus Daon-Phoblacht na Síne
de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta 1994
um Tharaifí agus Trádáil (GATT) a bhaineann le modhnú na lamháltas
ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV
an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír de, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

---

1 Toiliú an... (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2023/...[1+] ón gComhairle, an Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Daon-Phoblacht na Síne de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (GATT) a bhaineann le modhnú na lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas ('an Comhaontú'), síníodh é thar ceann an Aontais an ...[++], faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(2) Is é is cuspóir don Chomhaontú foráil a dhéanamh maidir le cionroinnt na gcuótaí ráta taraife a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais den Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (GATT) de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas.

(3) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

**1** Cinneadh (AE) 2023/... ón gComhairle... an ... maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Daon-Phoblacht na Síne de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (GATT), comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha a bhaineann le modhnú na lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (IO L …).

\+ IO: Cuir isteach, le do thoil, uimhir an Chinnidh atá i ndoiciméad ST 10843/23 agus comhlánaigh an fonóta comhfhreagrach.

++ IO: Cuir isteach, le do thoil, dáta sínithe an Chomhaontaithe atá i ndoiciméad ST 10845/23.



PUBLIC

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar an Comhaontú i bhfoirm Mhalartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Daon-Phoblacht na Síne de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (GATT) a bhaineann le modhnú na lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach a fhormeas thar ceann an Aontais[1+].

*Airteagal 2*

Tabharfaidh Uachtarán na Comhairle, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear sa Chomhaontú[2].

PUBLIC

---

1 Foilsítear téacs an Chomhaontaithe in ... [cuir isteach tagairt IO do dhoiciméad ST 10845/23].

+ Toscaireachtaí: féach doiciméad ST 10845/23.

2 Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

PUBLIC